2024/3085

9.12.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/3085 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 75(2) agus Airteagal 80(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar rialacha síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ([2]) ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a bhaineann le limistéir fíonsaothrúcháin ina bhféadfar an neart alcóil a mhéadú, le cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe agus le srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, leis an gcéatadán íosta alcóil i gcás fotháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsiú na gcomhad de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV).

(2) Leagtar amach le Cuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 liosta na gcleachtas fíoneolaíoch údaraithe agus na srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna a thagann faoi raon feidhme Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, dá dtagraítear in Airteagal 80(1) den Rialachán sin. Leagtar síos na próisis fhíoneolaíocha údaraithe agus coinníollacha agus teorainneacha a n-úsáide le Cuid A, Tábla 1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Leagtar síos na comhdhúile fíoneolaíocha údaraithe agus coinníollacha agus teorainneacha a n-úsáide le Tábla 2 den Chuid sin. Ba cheart Táblaí 1 agus 2 a leasú chun dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh, go háirithe i ndáil le rúin a ghlac OIV in 2022 agus in 2023. De bhreis air sin, ba cheart roinnt den fhaisnéis a sholáthraítear i dTáblaí 1 agus 2 a shoiléiriú a thuilleadh.

(3) Le mír líne 2 de Thábla 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, leagtar síos na coinníollacha maidir le húsáid cóireálacha teasa. Cuireadh in iúl go bhfuil easpa soiléireachta ag baint leis an téarma 'cóireálacha teasa' i gcolún 1 den mhír líne sin toisc gur féidir leis roinnt cóireálacha éagsúla a chumhdach. Chun soiléireacht a fheabhsú, is iomchuí fonóta a chur isteach faoi Thábla 1 chun na catagóirí leathana cóireálacha teasa dá dtagraítear i gcomhaid OIV a luaitear i gcolún 2 de mhír líne 2 a liostú. Ardaíodh an tsaincheist chéanna maidir le fuar-chóireálacha dá dtagraítear i gcolún 1 de mhír líne 2a sa Tábla sin 1. Ar an gcaoi chéanna le cóireálacha teasa, is iomchuí fonóta a chur isteach faoi Thábla 1 chun na catagóirí leathana fuar-chóireálacha a chumhdaítear le comhaid OIV dá dtagraítear i gcolún 2 de mhír líne 2a a shonrú.

(4) Le Rún OIV-OENO 708-2022, leasaíodh saintreoracha chomhad OIV 2.1.14 maidir le snámhacht tríd an tagairt do dhé-ocsaíd charbóin a scriosadh agus an tagairt d'argón a chur isteach. Ba cheart, dá bhrí sin, colún 2 de mhír líne 8 de Thábla 1 agus colún 3 de mhíreanna líne 8.1, 8.2 agus 8.3 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a leasú dá réir.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fíonsaothrúcháin ina bhféadfar an neart alcóil a mhéadú, le cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe agus le srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, leis an gcéatadán íosta alcóil i gcás seachtháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsiú chomhaid OIV (IO L 149, 7.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/934/oj).

(5) Tá cur chun feidhme cleachtas fíoneolaíoch áirithe a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 le maoirsiú ag fíoneolaí nó teicneoir cáilithe nó speisialaithe mar gheall ar an ról tábhachtach atá acu maidir le sábháilteacht oibreora, agus sábháilteacht agus cáilíocht bia, a áirithiú. Baineann sé sin leis na cleachtais dá dtagraítear i dTábla 1, míreanna líne 6, 10, 12 go 18, agus 20, agus i dTábla 2, míreanna líne 6.5, 6.6, 6.9 agus 6.12. I gcás roinnt de na cleachtais sin, déantar foráil maidir le maoirseacht go sainráite sa Rialachán Tarmligthe sin leis na Foscríbhinní ábhartha a ghabhann le hIarscríbhinn I, Cuid A. I gcás cleachtais eile, is gá maoirseacht a dhéanamh trí chomhaid ábhartha i gCód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta agus, dá bhrí sin, ní thaispeántar go sainráite iad sa Rialachán Tarmligthe sin. Mar sin féin, b'iomchuí an ceanglas sin a dhéanamh níos trédhearcaí. Ba cheart, dá bhrí sin, míreanna líne 13, 14, 15, 17, 18 agus 20 de Thábla 1 agus mír líne 6.12 de Thábla 2 a leasú dá réir.

(6) In 2014, trí Rún OIV-OENO 504-2014, cheadaigh OIV cóireáil fíonta le teicneolaíocht scannáin mar aon le carbón gníomhachtaithe chun barrachas 4-eitilfeanól agus 4-eitiolguaidheacól a laghdú. Rialáiltear an chóireáil sin i mír líne 18 de Thábla 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 agus i bhFoscríbhinn 10 a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin. In 2023, le Rún OIV-OENO 657-2023 leathnaíodh raon feidhme na cóireála sin trí chead a thabhairt coirníní stiréin-dévinilbeinséine asúiteacha, de bhreis ar charbón gníomhachtaithe, a úsáid agus trí gach feanól so-ghalaithe a chumhdach. Chuideodh modhnuithe den sórt sin le táirgeoirí fíona an Aontais fabhtanna orgánaileipteacha ina bhfíon a cheartú a thuilleadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, iad a thabhairt isteach i reachtaíocht an Aontais maidir le cleachtais fhíoneolaíocha. Ba cheart, dá bhrí sin, mír líne 18 de Thábla 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin a leasú dá réir. Ina theannta sin, ba cheart Foscríbhinn 10 a ghabhann leis an gCuid sin a scriosadh toisc go bhfuil a raon feidhme níos teoranta anois ná mír líne 18 leasaithe de Thábla 1. Mar sin féin, an ceanglas atá ar scannáin maidir le reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta a leagtar síos san Fhoscríbhinn sin a chomhlíonadh, ba cheart é a choinneáil ar bun agus a aistriú chuig colún 2 de mhír líne 18 de Thábla 1.

(7) Déantar foráil le hAirteagal 9(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 gurb iad na sonraíochtaí íonachta agus aitheantais le haghaidh substaintí a úsáidtear i gcleachtais fhíoneolaíocha na sonraíochtaí sin a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún ([3]). I gcás nach leagtar síos sa Rialachán sin iad, beidh feidhm ag sonraíochtaí Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta OIV, dá dtagraítear i gcolún 4 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. I gColún 4 de Thábla 2 luaitear faoi láthair comhaid ábhartha Codex OIV le haghaidh na substaintí uile a liostaítear sa Tábla sin, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012, rud a d'fhéadfadh mearbhall a chruthú. Dá bhrí sin, chun soiléireacht a fheabhsú, is iomchuí comhad Codex OIV a scriosadh ó cholún 4 de Thábla 2 le haghaidh na substaintí nach mór dá sonraíochtaí iad sin a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 a chomhlíonadh. Baineann sé sin le míreanna líne 1.1 go 1.6, 1.10, 2.1 go 2.7, 4.1, 4.3, 5.10, 5.16, 5.17, 5.18, 6.1, 6.3, 6.5, 6.7, 6.8, 6.11, 6.13, 8.1 go 8.4 agus 11.3.

(8) I gcomhréir le colún 7 de mhír líne 2.6 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, féadfar aigéad ascorbach a úsáid ag uasdáileog 250 mg/l le haghaidh gach cóireála agus is é 250 mg/l a uaschion i bhfíon a chóireáiltear ar an mbealach sin agus a chuirtear ar an margadh. Comhfhreagraíonn an uasdáileog sin don uasdáileog a mholtar i gcomhaid OIV 1.11, 2.2.7 agus 3.4.7 dá dtagraítear i gcolún 3 den mhír líne 2.6 sin. Mar sin féin, tá an t-uaschion aigéid ascorbaigh a luaitear i gcolún 7 den mhír líne sin éagsúil, áfach, lena bhfuil molta i gcomhad OIV 3.4.7, mar atá 300 mg/l. Ós rud é gur féidir le haigéad ascorbach a bheith ann go nádúrtha i bhfíon nó gur féidir leis a bheith ann mar thoradh ar imoibrithe ceimiceacha, is féidir le cóireáil den sórt sin, ag dáileog 250 mg/l, a bheith ina cúis le láithreacht suas go 300 mg/l san fhíon a chuirtear ar an margadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le huasmhéid 300 mg/l d'aigéad ascorbach i bhfíon, mar a fhorordaíonn OIV. Dá bhrí sin, ba cheart na coinníollacha úsáide a shonraítear i gcolún 7 de mhír líne 2.6 de Thábla 2 a scriosadh, ionas go mbeidh feidhm ag saintreoracha chomhaid OIV 1.11, 2.2.7 agus 3.4.7.

(9) Le Rún OIV-OENO 684A-2022 leasaíodh saintreoracha chomhad OIV 3.4.20 maidir le snáithíní plandaí roghnaitheacha a úsáid i bhfíon. Le Rún OIV-OENO 684B-2022 leathnaíodh a n-úsáid chuig úrfhíon. Ba cheart, dá bhrí sin, mír líne 3.2 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a leasú dá réir.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos na sonraíochtaí maidir le breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/oj).

(10) Déantar foráil le colún 7 de mhír líne 4.1 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 nach mór go gcomhlíonfaidh sonraíochtaí ceallalóis mhicricriostalta na sonraíochtaí a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012. Tá na coinníollacha úsáide sin iomarcach i ndáil le hAirteagal 9(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh.

(11) Tá an uimhir INS 342 ar fhosfáit hidrigine dé-amóiniam sa Chóras Uimhrithe Idirnáisiúnta maidir le Breiseáin i mBia. Níl E-uimhir chomhfhreagrach aici i reachtaíocht an Aontais ós rud é nár údaraíodh riamh í mar bhreiseán bia faoi Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Áiríodh an E-uimhir 342 go hearráideach i gcolún 2 de mhír líne 4.2 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Is iomchuí, dá bhrí sin, í a scriosadh.

(12) Le Rún OIV-OENO 633-2019 cuireadh an ceallalós de ghrád bia, mar a thugtar air, le liosta na ngníomhachtóirí coipthe a luaitear i gcomhad OIV 2.3.2. Trí shonraíochtaí a bhunú le haghaidh ceallalós púdraithe (E 460(ii)), soiléiríodh i Rún OIV-OENO 681-2022 gur aon substaint amháin iad ceallalós púdraithe agus ceallalós de ghrád bia. I bhfianaise an tsoiléirithe sin, is iomchuí an tsubstaint sin a chur leis an Roinn maidir le gníomhachtóirí le haghaidh coipeadh alcólach agus malalachtach i dTábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934.

(13) Le Rúin OIV-OENO 675A-2022, OIV-OENO 675B-2022, OIV-OENO 675C-2022 agus OIV-OENO 675D-2022, glacadh monagraif shonracha d'fho-aicmí tainniní fíoneolaíocha, is iad sin próiciainidiní/próideilfinidiní, eilleagatainníní, gallatainniní agus próifisitinidiní/prórobaitineidí faoi seach. Ós rud é go bhfuil na monagraif sin ábhartha maidir leis na tainniní dá dtagraítear i míreanna líne 5.12 agus 6.4 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, is iomchuí iad a áireamh i gcolún 4 de na míreanna líne sin. Mar sin féin, tá Roinn 1 de na monagraif sin á hathbhreithniú faoi láthair in OIV. Go dtí go dtabharfar an t-athbhreithniú sin i gcrích, is iomchuí gan ach Roinn 2 de na monagraif sin a dhéanamh infheidhme san Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, Colún 7 de mhíreanna líne 5.12 agus 6.4 de Thábla 2 a leasú dá réir.

(14) Le Rún OIV-OENO 689-2022 leasaíodh forordaithe chomhad OIV 3.3.6 maidir le cóireáil le guma arabach. Ba cheart mír líne 6.8 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a leasú dá réir.

(15) Tá na coinníollacha agus na teorainneacha úsáide dá dtagraítear i gcolún 7 de mhíreanna líne 7.2 go 7.12 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 níos leithne ná forordaithe chomhaid OIV faoi seach a léirítear i gcolún 3 de na míreanna líne sin. Mar sin féin, níl údar maith, ó thaobh cúrsaí teicniúla de, le coinníollacha úsáide einsímí atá níos leithne a cheadú san Aontas ná mar atá i gceist ag OIV. Dá bhrí sin, ba cheart na coinníollacha sonracha úsáide a luaitear i gcolún 7 de mhíreanna líne 7.2 go 7.12 a scriosadh ionas go mbeidh feidhm ag forordaithe OIV.

(16) Déantar foráil le mír líne 7.5 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 gurb iad na sonraíochtaí dá dtagraítear i gcomhad COEI-1-ACTGHE de Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta OIV na sonraíochtaí atá le cur i bhfeidhm maidir le heimiceallaláis. Mar sin féin, le rún OIV-OENO 682-2021 baineadh monagraf COEI-1-ACTGHE ó Codex OIV. Dá bhrí sin, ba cheart an tagairt dó i gcolún 4 de mhír líne 7.5 de Thábla 2 a scriosadh. Is í xiolanáis an t-aon einsím amháin le gníomhaíocht heimiceallaláise atá údaraithe faoi láthair ag OIV. Is iomchuí, dá bhrí sin, mír líne 7.5 de Thábla 2 a oiriúnú trí na tagairtí cearta do xiolanáis a thabhairt isteach inti, is iad sin a hainm, a huimhir CE agus comhad ábhartha Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta OIV. Ag an am céanna, is iomchuí a shoiléiriú i gcolún 1 de Thábla 2 gur heimiceallaláis í xiolanáis chun an nasc a dhéanamh le comhaid i gCód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta nach dtagraíonn ach don téarma ginearálta 'heimiceallaláis'.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj).

(17) Leagtar amach na sonraíochtaí béite-ghlúcanáise a shainaithnítear le h uimhir CE 3.2.1.58 i gcomhaid COEI-1-BGLUCA, COEI-1-PRENZY agus COEI-1-ACTGLU de Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta OIV. Tá an comhad COEI-1-ACTGLU ar iarraidh, agus dá bhrí sin ba cheart é a chur isteach i gcolún 4 de mhír líne 7.7 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. De bhreis air sin, le Cód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta ceadaítear béite-ghlúcanáis a úsáid ar úrfhíonta agus ar fhíonta araon chun comhdhúile giosta a ghléghlanadh, a scagadh agus a thuaslagadh. Mar sin féin, ní thagraíonn colún 3 de mhír líne 7.7 de Thábla 2 ach do chomhad OIV 3.2.10 amháin arb é is aidhm dó intuaslagú comhdhúl giosta i bhfíon a fheabhsú. D'fhonn reachtaíocht an Aontais maidir le moltaí OIV maidir le béite-ghlúcanáis a ailíniú, is iomchuí comhaid OIV 2.1.4, 2.1.18, 3.2.8, 3.2.11 agus 3.5.7 a chur isteach i gcolún 3 de mhír líne 7.7. Ba cheart Colún 8 den mhír líne sin a leasú dá réir sin freisin.

(18) I mí na Bealtaine 2022, thug OIV modhnuithe eagarthóireachta isteach ar chomhad COEI-1-ACTGLU dá Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta. Go háirithe, scriosadh an tagairt do ghlicisíodáis (CE 3.2.1.20) ar glicisíodáis shonrach í nach n-úsáidtear san fhíonóireacht. Dá bhrí sin, ba cheart mír líne 7.8 a scriosadh ó Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934.

(19) Le Cód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta, ceadaítear béite-ghlúcanáis (β1-3, β1-6) a úsáid ar úrfhíonta agus ar fhíonta araon chun comhdhúile giosta a ghléghlanadh, a scagadh agus a thuaslagadh. Mar sin féin, i gcolún 3 de mhír líne 7.10 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, ní thagraítear ach amháin do chomhad OIV 3.5.7 nach bhfuil d'aidhm aige ach gléghlanadh agus inscagthacht fíona a fheabhsú. D'fhonn reachtaíocht an Aontais a ailíniú maidir le moltaí an OIV le haghaidh béite-ghlúcanáise (β1-3, β1-6), is iomchuí comhaid OIV 2.1.4, 2.1.18, 3.2.8, 3.2.10 agus 3.2.11 a chur le colún 3 de mhír líne 7.10. Ba cheart Colún 8 den mhír líne sin a leasú dá réir sin freisin.

(20) Le mír líne 11.3 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 údaraítear úsáid na mbreiseán E 150a, E 150b, E 150c agus E 150d i dtáirgeadh fíonta licéir. Sainaithnítear na breiseáin sin leis an ainm coiteann 'caramal' i gcolún 1 den mhír líne sin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 tugtar ainmniúchán aonair do gach leagan de E 150. Ainmnítear E 150a mar ghnáthcharamal, E 150b mar charamal suilfíte loiscneach, E 150c mar charamal amóinia agus E 150d mar charamal amóinia suilfíte. Chun Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a ailíniú le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, is iomchuí ceithre mhír líne ar leith a bhunú le haghaidh na mbreiseán E 150a, E 150b, E 150c agus E 150d agus iad a ainmniú mar a dhéantar i Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(21) I gCuid B, Roinn A, pointe 2, pointe (c), an dara fleasc, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, liostaítear roinnt fíonta geala de chuid na Fraince atá i dteideal ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a fháil ar fíonta iad a bhféadfar a gcion uasta dé-ocsaíde sulfair a ardú go 300 mg/l. Maidir le fíonta de chuid ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Corrèze' ar fíonta iad atá i dteideal an téarma thraidisiúnta 'Vin de paille', tá cion ard siúcraí iarmhartacha iontu, rud a fhágann gur gá dé-ocsaíd sulfair a úsáid ina leith, suas go 300 mg/l, chun caomhnú na bhfíonta a áirithiú. Ba cheart, dá bhrí sin, an fhleasc sin a leasú dá réir.

(22) I gcomhréir le pointe 3(a) de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), féadfaidh, go heisceachtúil, neart alcóil iarbhír nach lú ná 14 % de réir toirte a bheith ag fíonta licéir atá ag aosú le fada, seachas neart alcóil iarbhír nach lú ná 15 % de réir toirte. I gcomhréir leis an bhforáil sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún liosta na bhfíonta licéir a thairbhíonn den mhaolú sin a bhunú. D'iarr an Spáinn go gcuirfí roinnt fíonta licéir Spáinneacha leis an liosta sin. Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarraidh sin agus tháinig sé ar an gconclúid gurb iomchuí, dá bhrí sin, pointe nua a chur isteach i Roinn B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 agus Roinn nua a chur le Foscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin chun aghaidh a thabhairt ar an iarraidh sin.

([5]) Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2117/oj).

(23) Chun iad a chur ar an margadh, ní mór neart alcóil iomlán nach lú ná 17,5 % de réir toirte a bheith ag fíonta licéir, i measc nithe eile, mura dtairbhíonn siad den mhaolú dá dtagraítear i gCuid II, pointe (3)(b), d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus i Roinn B, pointe 5(b), d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 agus i Roinn B d'Fhoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn III. Ní féidir maolú den sórt sin a dhéanamh faoi láthair ach amháin i gcás ina bhforáiltear amhlaidh go sainráite leis na dlíthe náisiúnta a bhí infheidhme ina leith roimh an 1 Eanáir 1985. Mar sin féin, tá forbairt tagtha ar mhodhanna táirgthe fíonta licéir le himeacht ama agus cláraíodh ainmniúcháin tionscnaimh nua faoi chosaint a d'fhéadfadh tairbhiú den mhaolú sin ó 1985 i leith. Dá bhrí sin, is cosúil nach bhfuil bonn cirt a thuilleadh leis an srian ama sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, an tagairt don 1 Eanáir 1985 a scriosadh sna forálacha ábhartha d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin.

(24) Le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) ([6]) 2024/217 agus (AE) 2023/2887 ([7]) ón gCoimisiún formheasadh modhnuithe ar na téarmaí traidisiúnta 'vino generoso' agus 'vino generoso de licor' faoi seach. Dá bhrí sin, tá pointí 8 agus 10 de Roinn B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 imithe i léig agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a scriosadh. Ina theannta sin, déantar na forálacha céanna atá ann san achoimre ar shainmhíniú/choinníoll úsáide an téarma thraidisiúnta 'vinho generoso' i gclár an Aontais de théarmaí traidisiúnta 'e-Ambrosia' a athrá i bpointe 9 de Roinn B den Iarscríbhinn sin. Chun dúbláil forálacha den sórt sin a sheachaint, is iomchuí an pointe sin a scriosadh.

(25) Le Cuid II, pointe (3), d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, tugtar de chumhacht don Choimisiún liostaí a tharraingt suas d'fhíonta licéir a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh nó tásc geografach acu a d'fhéadfadh tairbhiú de na maoluithe dá bhforáiltear sa phointe sin. Mar sin féin, níl sé de chumhacht ag an gCoimisiún tuairisc bhreise a thabhairt ar na táirgí a thairbhíonn de na maoluithe sin. Ina ionad sin, ba cheart an fhaisnéis sin a bheith mar chuid de shonraíochtaí na n-ainmniúchán tionscnaimh nó na dtásc geografach. Ar an mbonn sin, mhodhnaigh an Spáinn sonraíochtaí na n-ainmniúchán tionscnaimh ábhartha chun a shoiléiriú cé na táirgí a fhéadfaidh tairbhe a bhaint as na maoluithe dá dtagraítear i Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, i bpointí 4, 5 agus 6 de Roinn B den Fhoscríbhinn sin agus i Roinn B d'Fhoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Dá bhrí sin, tá an colún ar dheis de na táblaí faoi 'AN SPÁINN' sna Foscríbhinní sin imithe i léig agus ba cheart é a scriosadh. Ina theannta sin, níl aon fheidhm ag na táblaí iad féin a thuilleadh. Ba cheart liostaí fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu a chur ina n-ionad.

(26) Chuir an Spáinn in iúl don Choimisiún gur iarr táirgeoirí fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Lebrija' orthu go bhféadfaí a bhfíonta a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as an maolú dá bhforáiltear i gCuid II, pointe (3)(f)(ii), d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus i Roinn B, pointe 2, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 agus i Roinn B, pointe 1, d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn III sin. Mheas an Coimisiún an iarraidh sin agus tháinig sé ar an gconclúid gurbh iomchuí an t-ainm 'Lebrija' a chur le liosta na n-ainmniúchán faoi chosaint ón Spáinn i bpointe 1 de Roinn B den Fhoscríbhinn sin.

(27) De bhreis air sin, mar gheall ar an bpróiseas táirgthe, bíonn cion siúcra dhí-ocsaídithe an-íseal ag fíonta licéir 'Lebrija' agus is ar éigean is féidir leo an t-íosmhéid 17,5 % de réir toirte de neart alcóil iomlán a cheanglaítear le haghaidh fíonta licéir a bhaint amach. Chun iad a chur ar an margadh, bheadh ar na fíonta sin tairbhiú den mhaolú dá dtagraítear i gCuid II, pointe (3)(b), d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus i Roinn B, pointe 5(b), d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 agus i Roinn B d'Fhoscríbhinn 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn III sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, an t-ainm 'Lebrija' a chur isteach faoi 'AN SPÁINN' i Roinn B d'Fhoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/217 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2024 lena bhformheastar modhnú ar théarma traidisiúnta in earnáil an fhíona i gcomhréir le hAirteagal 115(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle — Vino generoso (IO L, 2024/217, 12.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/217/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2887 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2023 lena bhformheastar modhnú ar théarma traidisiúnta in earnáil an fhíona i gcomhréir le hAirteagal 115(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle — 'Vino generoso de licor' (IO L, 2023/2887, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2887/oj).

(28) Déantar foráil le sonraíocht an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Porto — Port' go bhféadfaidh an fíon licéir a thuairiscítear mar 'branco leve seco' tairbhiú den mhaolú dá ndéantar foráil i gCuid II, pointe (3)(b), d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus i Roinn B, pointe 5(b) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 agus i Roinn B d'Fhoscríbhinn 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn III sin. Dá bhrí sin, is athrá ar an bhforáil chéanna sa tsonraíocht táirge é 'branco leve seco' a lua sa tábla faoi 'AN PHORTAINGÉIL' sa Roinn sin. Chun an t-athrá sin a sheachaint, is iomchuí an tábla sin a scriosadh agus ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Porto — Port' a chur ina ionad.

(29) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Socruithe idirthréimhseacha

Maidir le táirgí fíniúna a tháirgtear roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha a bhí i bhfeidhm roimh an dáta sin, féadfar iad a scaoileadh lena gcaitheamh ag an duine go dtí go n-ídeofar a stoic.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 mar a leanas:

(1) Leasaítear Cuid A mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad tháblaí 1 agus 2:

Tábla 1

Próisis fhíoneolaíocha údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1)

	1	2	3
	Próisis fhíoneolaíocha	Coinníollacha agus teorainneacha úsáide ([1])	Catagóirí na dtáirgí fíona ([2])
1	Aerú nó ocsaiginiú	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhaid 2.1.1 (2016) agus 3.5.5 (2016) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
2	Cóireálacha teasa ([3])	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhaid 1.8 (1970), 2.2.4 (1988), 2.3.6 (1988), 2.3.9 (2005), 3.4.3 (1988), 3.4.3.1 (1990), 3.5.4 (1997) agus 3.5.10 (1982) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta.	Fíonchaora úra (1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
2a.	Fuar-chóireálacha ([4])	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointe 1(c) de Roinn B de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus i gcomhaid 1.14 (2005), 1.15 (2005), 2.1.12.4 (1998), 2.3.6 (1988), 3.1.2 (1979), 3.1.2.1 (1979), 3.3.4 (2004) agus 3.5.11.1 (2001) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta.	Fíonchaora úra (1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
3	Lártheifneoiriú agus scagachán le hoibreán támhscagtha nó gan oibreán támhscagtha	Oibreáin támhscagtha is ea na hoibreáin sin dá dtagraítear i gcomhaid 2.1.11 (1970), 2.1.11.1 (1990), 3.2.2 (1989) agus 3.2.2.1 (1990) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta. Ní mór nach bhfágfar iarmhair neamh-inmhianaithe istigh sa táirge cóireáilte de bharr na n-oibreán sin a úsáid.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
4	Cruthaigh atmaisféar támh	Chun an táirge a láimhsiú agus é cosanta ar an aer agus chun na críche sin amháin.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
5	Dé-ocsaíd sulfair a bhaint trí phróisis fhisiciúla		Fíonchaora úra, (2), (10), (11), (12), (13) agus (14)
6	Roisíní ianmhalartaithe	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhFoscríbhinn 3 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Déanfar an chóireáil a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	Úrfhíon fíonchaor atá beartaithe chun úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe a mhonarú

	1	2	3
	Próisis fhíoneolaíocha	Coinníollacha agus teorainneacha úsáide ([1])	Catagóirí na dtáirgí fíona ([2])
7	Boilgearnach	Nuair atá úsáid á baint as argón nó as nítrigin agus sa chás sin amháin.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
8	Snámhacht	Nuair atá úsáid á baint as nítrigin nó as argón nó trí aerú a dhéanamh agus sna cásanna sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhad 2.1.14 (2022).	10, 11 agus 12
9	Dioscaí de phairifín íon atá tuilithe le hisitiaicianáit aillile	Chun atmaisféar steiriúil a chruthú agus chun na críche sin amháin. Ceadaithe san Iodáil ar choinníoll go mbeidh sé i gcomhréir le reachtaíocht na tíre sin agus sa chás sin amháin agus i gcoimeádáin ina bhfuil toirt níos mó ná 20 lítear agus sa chás sin amháin. Tá úsáid isitiaicianáite aillile faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha i dTábla 2 maidir le comhdhúile fíoneolaíocha údaraithe.	Úrfhíon leathchoipthe atá lena chaitheamh go díreach ag an duine ar an mbealach sin, (1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
10	Cóireáil leictrea-scagdhealaithe	Chun cobhsú tartarach an fhíona a áirithiú agus chun na críche sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhFoscríbhinn 5 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Déanfar an chóireáil a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	Úrfhíon leathchoipthe atá lena chaitheamh go díreach ag an duine ar an mbealach sin, (1), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
11	Píosaí adhmaid darach	San fhíonóireacht agus san aosú, lena n-áirítear le linn fíonchaora úra agus úrfhíon fíonchaor a choipeadh. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhFoscríbhinn 7 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Déanfar an chóireáil a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
12	An cion alcóil san fhíon a cheartú	Ní dhéantar ceartú ach le fíon amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhFoscríbhinn 8 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Déanfar an chóireáil a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
13	Caitianmhalartóirí le haghaidh cobhsú tartarach	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhad 3.3.3 (2011) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta, lena n-áirítear cóireáil a dhéanamh faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneora cháilithe. Ní mór di Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus na forálacha náisiúnta a ghlactar chun an Rialachán sin a chur chun feidhme a chomhlíonadh freisin. Déanfar an chóireáil a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	Úrfhíon leathchoipthe atá lena chaitheamh go díreach ag an duine ar an mbealach sin, (1), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
14	Cóireáil leictreascannáin	Chun aigéadú nó dí-aigéadú a dhéanamh agus sa chás sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha a leagtar síos i Ranna C agus D de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus in Airteagal 11 den Rialachán seo. Ní mór di Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ([6]) ón gCoimisiún agus na forálacha náisiúnta a ghlactar chun na Rialacháin sin a chur chun feidhme a chomhlíonadh. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhaid 2.1.3.1.3 (2010), 2.1.3.2.4 (2012), 3.1.1.4 (2010), 3.1.2.4 (2012) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta, lena n-áirítear cóireáil a	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)

	1	2	3
	Próisis fhíoneolaíocha	Coinníollacha agus teorainneacha úsáide ([1])	Catagóirí na dtáirgí fíona ([2])
		dhéanamh faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneora cháilithe. Déanfar an chóireáil a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	
15	Caitianmhalartóirí le haghaidh aigéadú	Faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha a leagtar síos i Ranna C agus D de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus in Airteagal 11 den Rialachán seo. Ní mór dó Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 a chomhlíonadh agus na forálacha náisiúnta a ghlactar chun an Rialachán sin a chur chun feidhme. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhaid 2.1.3.1.4 (2012) agus 3.1.1.5 (2012) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta, lena n-áirítear an chóireáil a dhéanamh faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneora cháilithe. Déanfar an chóireáil a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
16	Cúpláil scannán	Chun laghdú a dhéanamh ar an gcion siúcra in úrfhíonta agus sa chás sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhFoscríbhinn 9 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Déanfar an chóireáil a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(10)
17	Teagmhálaithe scannáin	Chun bainistíocht a dhéanamh ar an ngás tuaslagtha i bhfíon agus chun na críche sin amháin. Toirmisctear dé-ocsaíd charbóin a chur isteach le haghaidh na dtáirgí a shainmhínítear i bpointí (4), (5), (6) agus (8) de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Ní mór dó Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 agus na forálacha náisiúnta arna nglacadh ar mhaithe le cur chun feidhme na Rialachán sin a chomhlíonadh. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhad 3.5.17 (2013) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta, lena n-áirítear cóireáil a dhéanamh faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneora cháilithe, a chomhlíonadh. Déanfar an chóireáil a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
18	Fíon a chóireáil trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht scannáin in éineacht le hasúchán ar choirníní carbóin ghníomhachtaithe nó ar choirníní stiréin-dévinilbeinséine asúitú	Chun feanóil sho-ghalaithe i bhfíonta a laghdú agus chun na críche sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhad 3.5.18 (2023) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta, lena n-áirítear cóireáil a dhéanamh faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneora cháilithe. Déanfar an chóireáil a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Ní mór na scannáin a úsáidtear a bheith i gcomhréir le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus (AE) Uimh. 10/2011 agus leis na forálacha náisiúnta arna nglacadh chun na ceanglais sin a chur chun feidhme.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)

	1	2	3
	Próisis fhíoneolaíocha	Coinníollacha agus teorainneacha úsáide ([1])	Catagóirí na dtáirgí fíona ([2])
19	Scagphlátaí ina bhfuil y-seoilítí de chineál fósaisíte	Chun alanasóil a asú agus chun na críche sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhad 3.2.15 (2016) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
20	Tiúchan páirteach	Maidir le húrfhíon fíonchaor: faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bpointe 1(b) de Roinn B de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus i gcomhaid 2.1.12 (1998), 2.1.12.1 (1993), 2.1.12.2 (2001), 2.1.12.3 (1998) agus 2.1.12.4 (1998) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta. Áirítear i gcomhad 2.1.12.1 (1993) an oibleagáid cúlosmóis a chur chun feidhme faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneora cháilithe. Maidir le fíon: faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bpointe 1(c) de Roinn B de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus i gcomhaid 3.5.11 (2001) agus 3.5.11.1 (2001) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta. Déanfar an chóireáil a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (15) agus (16)
21	Cóireáil le próisis ardbhrú neamhleanúnacha	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhad 1.18 (2019) agus 2.1.26 (2019) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta.	Fíonchaora úra, (10), (11) agus (12)
22	Cóireáil le próisis ardbhrú leanúnacha	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhad 2.2.10 (2020) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta.	10, 11 agus 12
23	Fíonchaora brúite a chóireáil le hultrafhuaim chun eastóscadh a gcomhdhúl a chur chun cinn	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhad 1.17 (2019) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta.	Fíonchaora úra
24	Fíonchaora a chóireáil le réimsí leictreacha bíogacha	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhad 2.1.27 (2020) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta.	Fíonchaora úra
25	Úrfhíonta agus fíonta a chóireáil trí úsáid a bhaint as coirníní stiréin-dévinilbeinséine asúiteacha	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhaid 2.2.11 (2020) agus 3.4.22 (2020) de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)

([1]) Leis an mbliain idir lúibíní tar éis tagairtí do chomhad de Chód OIV Cleachtas Fíoneolaíochta, léirítear leagan an chomhaid atá údaraithe ag an Aontas mar chleachtais fhíoneolaíocha údaraithe, faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha úsáide a leagtar amach sa tábla seo.

